Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway


# *Fís* i gCoiteann, Múnlaithe ag *Luachanna*

Straitéis 2020–2025



# *Sonraí* faoi Ollscoil na Gaillimhe

Tá an Ollscoil s'againne ina fhoinse inspioráide ó 1845 i leith.




## DAOINE

**1,394**
mac léinn ar shocrúchán oibre

**98%**
de mhic léinn ag obair nó i mbun staidéar breise

**3,165**
mac léinn i mbun obair dheonach ó 2017

**Gradam Cré-umha**
Athena SWAN

**19,070**
mac léinn

**2,777**
comhalta foirne

**110,000**
céimí ar fud an domhain

50 bliain i mbun foghlaim ar feadh an tsaoil a spreagadh tríd an **Ionad Foghlama agus Forbartha Gairmiúla d'Aosaigh**

20 bliain ag sárú constaicí oideachais tríd an **Ionad Rochtana**

Ainmnithe mar **Ollscoil Tearmainn** in 2019

## AR FUD NA CRUINNE

**3,308 mac léinn idirnáisiúnta** (17%) agus **483 comhalta foirne idirnáisiúnta** (17%) ó 122 tír

Comhpháirtíochtaí taighde le **3,267 institiúid idirnáisiúnta** i 114 tír

Scríobhadh **59.7%** de pháipéir thaighde i gcomhar le húdair idirnáisiúnta

275 mac léinn Ollscoil na Gaillimhe ar **chláir Erasmus**

## INFHEISTÍOCHT & INFREASTRUCHTÚR

**€278 milliún**
Caiteachas bliantúil

**€268 milliún infheistithe**
i bhfoirgnimh nua ar an gcampas ó 2010

**Lóistín nua**
do 429 mac léinn, agus lóistín do 674 mac léinn eile faoi 2022

## TAIGHDE & NUÁLAÍOCHT

**€70 milliún**
ioncam ó thaighde díreach

**8,075**
foilseachán innéacsaithe

2014–18

**Os cionn 92,000**
lua

**€65 milliún**
ó mhaoiniú Dheiseanna Nua 2020 an AE

**249**
teicneolaíocht nua

**48**
paitinní

**5 de na taighdeoirí is mó a luaitear ar domhan,**
de réir Clarivate Analytics

**11**
mac-chuideachta, ag tacú agus ag cruthú
**256**
post in Éirinn

## CLÚ & CÁIL

**I measc an 2%**
is fearr d'ollscoileanna ar domhan

**Sa 259ú**
háit i Ranguithe Ollscoile QS an Domhain

**I measc an 300 Ollscoil is fearr de réir Ranguithe Ollscoile an Domhain de chuid**
Times Higher Education

**18**
n-ábhar ar thús cadhnaíochta sa domhan, de réir ranguithe QS

## INBHUANAITHEACHT

**Gradam na Brataí Glaise**

**20 pointe luchtaithe do charranna leictreacha**
ar fud an champais

Laghdú
**36.3%**
ar ídiú fuinnimh ó 2006

**An campas is bithéagsúla**
in Éirinn

**Foireann Fhuinneamh Glas SEAI**
na Bliana 2019



Scríobh Máirtín Ó Direáin an dán An tEarrach Thiar agus é ag tabhairt chun cuimhne a dhúchas muinteartha:

*Currach lán éisc*
*Ag teacht chun cladaigh*
*Ar órmhuir mhall*
*I ndeireadh lae;*
*San Earrach Thiar*

A currach full of fish
Coming to shore
On a slow, gold sea
When day is done:
Springtime in the West

Aistrithe ag Frank Sewell



# Focal ón *Uachtarán*

Cuirimid ár gcuspóir i láthair sa straitéis seo, ag meabhrú ag an am céanna ár dtuiscint ar ár bpobal agus ar ár n-áit.

Thosaíomar leis na cúiseanna arb ann dúinn agus ár straitéis á forbairt againn, agus ár ról poiblí mar ollscoil dár réigiún agus don domhan á dhaingniú againn. Tá an próiseas atá mar bhonn dár straitéis ríthábhachtach dá toradh agus don chultúr agus don bhraistint pobail a thabharfaidh chun críche í.

Táimid, mar phobal ollscoile, faoi réir go sainiuil ag ár luachanna mar fhoinse chumhachtach bhunúsach dár n-iompar, ar luachanna iad a tháinig chun cinn trí chomhairliúchán leathan agus cuimsitheach lenár gcomhaltaí foirne, mic léinn agus le páirtithe leasmhara eile. Tugann na luachanna sin treoir dár dtaighde agus dár dteagasc, don tacaíocht a thugaimid agus dár rannpháirtíocht sa domhan agus ar mhaithe leis an domhan.

Is ag an **ómós** atá tús áite i measc na luachanna seo. Tá ómós againn dár bpobal, dár gcuspóir, dár n-áit agus dár bpláinéad. Tá ómós agus cineáltas againn dá chéile. Tá ómós againn don teagasc agus don taighde araon a bhuíochas ar a lárnaí atá siad dár misean. Tá ómós againn ar an bhfianaise agus ar na foinsí léinn, agus ar an eolas agus ar an gcuspóir atá leis sa domhan. Tá ómós againn ar gach cineál comhionannais, cuimsitheachta agus éagsúlachta. Déanaimid ár ndícheall ár ndaoine a chumhachtú chun go mbainfidís amach lán a n-acmhainneachta. Is iomaí deis a bhaineann leis sin, agus tugann sé peirspictíochtaí éagsúla dúinn agus, ar uairibh, ardaítear glórtha contrártha agus fadhbanna agus féidearthachtaí ár linne idir chamáin againn. Tá an obair sin le tabhairt chun críche fós.

Comhthoradh ar an ómós is ea **barr feabhais**. Léireoimid ómós do dhaoine eile trí na caighdeáin arda atá againn i dtaighde, teagasc, tacaíocht agus rannpháirtíocht, agus seasaimid go leanúnach leis na caighdeáin sin. Agus an barr feabhais mar shlat tomhais againn, cuirimid ár misean i gcrích dár mic

léinn agus don tsochaí. Níl ach na caighdeáin is airde tuillte acu. Tá sainchúram réigiúnach againn mar aon le huaillmhian idirnáisiúnta, ar dhá ghné iad sin a réitíonn le chéile: déanaimid fónamh dár réigiún, dár mic léinn agus dár sochaí trí chaighdeáin arda. Aithnímid chomh maith gur eispéireas an barr feabhais seachas ceann scríbe agus, mar institiúid foghlama, bímid ag tnúth leis an deis réitigh nua agus níos fearr a lorg.

Agus muid ag déanamh amhlaidh, táimid **oscailte** don domhan. Aithnímid nach bhfuil sé inár n-acmhainn ár n-uaillmhianta a bhaint amach linn féin. Mar ollscoil, tá cead isteach ag cách, lá is oíche. Nuair a thagann an dorchadas, ní dhruidimid agus fearaimid fáilte roimh chairde agus roimh strainséirí araon. Ní hamháin sin ach téimid thar thairseach amach agus muid ar thóir comhoibriú taighde úr agus níos doimhne, smaointe nua, comhpháirtíochtaí nua, pobail nua agus bealaí rannpháirtíochta nua. Seasaimid an fód leo siúd ar an imeall agus muid ag idirghníomhú leo siúd ar mhórán agus ar easpa cumhachta. Tugann an tréith seo ardmheanman dúinn agus cothaíonn sé misneach inár measc féin agus i measc ár bpobal éagsúil.

Is ónár mic léinn is tréine a thagann ár luach **inbhuanaitheachta**, arb iad an ghlúin is mó a mbeidh orthu aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide. Tá ár mic léinn ag éileamh go bhfágfaimid rian dearfach ar an domhan, ar freagracht é sin a thiteann orainn ar fad. Agus muid i mbun taighde, teagaisc agus rannpháirtíochta, agus i ngach ceann dár ngníomhartha, táimid tiomanta a bheith inár n-eiseamláir maidir le gníomhartha ar son na haeráide inár n-earnáil féin agus in éineacht le heagraíochtaí eile inár réigiún. Agus tuiscint rímhaith againn ar an ról atá againn sa ré seo agus san áit seo, táimid tiomanta d’inbhuanaitheacht ár n-aeráide agus muid diongbháilte ár gcion a dhéanamh. Is mór againn chomh maith ár rol mar ollscoil, mar institiúid oideachais, agus muid ag cothú ár bpobal agus an chéad ghlúin eile saoránach agus eolais, ar mhaithe lenár gcuid mac léinn agus ár sochaí.

Agus muid ar imeall na farraige móire, idir talamh, abhainn agus muir, idir an Bhoireann agus Conamara — idir Ghaeltacht agus Ghalltacht — agus ár n-aghaidh ar an Eoraip agus ar Mheiriceá Thuaidh, is fearann idirchriosach é Ollscoil na Gaillimhe. Is minic gur ina leithéid d’áit a aimsítear bealaí nua chun bualadh amach faoin domhan mór.

Mar phobal ollscoile, tá dul chun cinn suntasach déanta againn chun na cuspóirí in ‘Fís 2020’ — ár bplean straitéiseach deireanach — a bhaint amach. A bhuí lenár gcuid iarrachtaí ar fad, tá feabhsuithe tábhachtacha déanta againn, mar shampla, i gcaidhdeán, maoiniú agus tionchar ár dtaighde; in earcaíocht, éagsúlacht agus sástacht ár mac léinn; agus sa chomhionannas inscne. Obair leanúnach atá anseo... agus tá dualgas orainn ar fad cur leis.

Cuirimid romhainn anseo mar phobal ollscoile ár gcuspóir. Tá aimsir bainte an fhómhair buailte orainn, dár mic léinn agus dár sochaí. Is muide an *mheitheal* a bhainfidh an fómhar.

Tá currach lán éisc anseo ag teacht chun cladaigh. San Earrach Thiar.



**An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh**
Uachtarán Ollscoil na Gaillimhe



# *Fís* i gCoiteann, Múnlaithe ag *Luachanna*



# An chúis gurb ann dúinn

## Ár Misean

**Is ar mhaithe leis an bpobal atá Ollscoil na Gaillimhe.**

Is leis an bpobal Ollscoil na Gaillimhe. Táimid anseo chun freastal ar ár mic léinn, ár sochaí agus ár bpláinéad. Táimid sainiúil mar thoradh ar ár dteagasc, ár dtaighde agus ár nuálaíocht atá bunathraitheach agus a bhfuil an-tionchar acu, mar thoradh ar eispéireas cuimsitheach ár mac léinn, agus mar thoradh ar a thiomanta agus atáimid don chultúr agus don chruthaitheacht. Déanfaimid athruithe ar an tsochaí trí dhul i mbun gnímh inár réigiún, go náisiúnta agus ar fud na cruinne.

**Is ollscoil de chuid na linne seo í Ollscoil na Gaillimhe.**

Táimid tiomanta saoránaigh den domhan a chothú, agus aghaidh a thabhairt ar na buncheisteanna atá le réiteach. Aithnímid a chriticiúla is atá an t-am i láthair dár bpláinéad, agus éilíonn ár gcuid mac léinn go dtabharfaimid aghaidh ar na dúshláin sin trínár dtaighde, ár dteagasc agus ár gcuid gníomhartha. Déanfaimid infheistiú inár gcuid mac léinn agus ár bpobal taighde agus táimid muiníneach gurb iad a bheidh ina smaointeoirí criticiúla, ina bhfiontraithe, ina ngníomhaithe sóisialta, ina seirbhísigh phoiblí agus ina nuálaithe sa todhchaí.

**Baineann sainiúlacht dhomhanda le hOllscoil na Gaillimhe agus tá an Ollscoil dírithe ar thaighde.**

Tá fuinneamh cruthaitheach gan teorainn againn agus creidimid i gcumhacht bhunathraitheach an eolais. Fearacht gach fionnachtaí agus eachtránaí, bímid síorfhiosrach faoina bhfuil i ndán dúinn. Cothaímid láidreachtaí uathúla an phobail, an chuspóra agus na háite ar mhaithe le leas an duine aonair, na sochaí agus an chomhshaoil.







# Ár dTriail

## Ár bhFís

**Spreagfaidh Ollscoil na Gaillimhe bunathruithe i measc an phobail, an réigiúin agus ar fud an domhain.**

Glacfaimid chugainn féin dearcadh domhanda tríd an ról fíorthábhachtach atá ag an Ollscoil maidir le forbairt inbhuanaithe a spreagadh, a cheiliúradh agus a chur chun cinn. Agus gníomhóimid go háitiúil trí dhaoine a chumhachtú, trí infheistíocht a dhéanamh inár gcuspóir agus trí aghaidh a thabhairt ar riachtanais shainiúla ár réigiúin.

**Cothóimid cultúr sainiúil atá bunaithe ar luachanna, agus a bhfuil barr feabhais, uaillmhian agus leas ár bpobal ina chroílár.**

Is iad na bunluachanna atá againn — ómós a léiriú agus muid i mbun gnímh, barr feabhais inár gcuid oibre, oscailteacht maidir lenár ndearcadh agus inbhuanaitheacht inár gcur chuige — a threoróidh ár bhfís. Cultúr cineálta a bheidh tiomanta don chomhionannas a bheidh ann agus cuirfidh sé ar chumas ár ndaoine dul chun cinn a dhéanamh.

**Tiocfaimid i dtír ar ár láidreachtaí sainiúla agus ár bhfuinneamh cruthaitheach chun tionchar suntasach agus inbhuanaithe a imirt ar an tsochaí.**

Tá ár n-ollscoil suite i lár cathair agus réigiún sainiúil a bhfuil cáil uirthi as a cultúr, a cruthaitheacht, a teicneolaíocht agus a nuálaíocht. Má thapaímid na láidreachtaí sainiúla sin, fágfaidh sé gur ollscoil faoi leith a bheidh ionainn go hidirnáisiúnta. Tabharfaimid spreagadh d'fhéidearthachtaí cruthaitheacha ár gcuid mac léinn, comhaltaí foirne, alumni agus an phobail níos leithne chun ár dteagasc, taighde, nuálaíocht agus rannpháirtíocht sa domhan, agus ar mhaithe leis an domhan, a chur chun cinn.

# Tá Ollscoil na Gaillimhe ina foinse inspioráide mar ollscoil taighde ó 1845 i leith.

Tá an ollscoil seo againne ar cheann de na hollscoileanna is sine agus is mó in Éirinn. 68 mac léinn a bhí cláraithe i dtús aimsire anseo, agus anois tá breis agus 22,000 mac léinn agus comhalta foirne againn, agus tá an 110,000 céimí atá againn scaipthe ar fud an domhain i mbreis agus 100 tír. Is mór an t-athrú atá tagtha orainn le himeacht na mblianta, agus áirítear muid i measc an 300 ollscoil is fearr ar domhan inniu de réir na ranguithe is iomráití[1], rud a fhágann go bhfuilimid i measc an 2% is fearr ar domhan.

Is ollscoil idirnáisiúnta é Ollscoil na Gaillimhe a bhfuil spriocanna idirnáisiúnta curtha roimhe, ach tá sé fréamhaithe go daingean sa réigiún agus sa tír. Tá léargas faoi leith againn i bhfianaise an ollscoil a bheith lonnaithe ar imeall na hEorpa. Tá an ollscoil i gcroílár réigiún sainiúil agus bríomhar, a bhfuil cáil air as ucht a chultúir uathúil mar aon lena ghnólachtaí cruthaitheacha, teicneolaíochtaí leighis, éiceolaíocht agus geilleagar mara, gan trácht ar ár nuálaíocht. Oibrímid as lámha a chéile leis an earnáil thionsclaíoch agus ghnó agus leis an rialtas chun na céimithe, scileanna, eolas agus nuálaíocht a sholáthar féachaint leis an bhfiontraíocht, fostaíocht agus borradh eacnamaíoch a chothú inár réigiún.

Tá peirspictíocht dhomhanda againn, agus cuireann an ollscoil seo againne go mór le héagsúlacht agus le beocht na Gaillimhe, arb í an chathair is idirnáisiúnta in Éirinn í. Le breis agus 3,300 mac léinn idirnáisiúnta agus 480 comhalta foirne idirnáisiúnta ó 122 tír, táimid bródúil as an gcion a dhéanann siad dár gcampas agus dár bpobal níos leithne. Trínár dteagasc agus ár dtaighde, éiríonn linn daoine cumasacha a mhealladh as gach cearn den domhan d'fhonn aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda. Treisíonn ár líonra alumni mar aon lenár gcomhpháirtíochtaí agus ár gcomhoibriú le hollscoileanna agus le heagraíochtaí clúiteacha ar fud an domhain an tionchar idirnáisiúnta atá againn. Tá tionchar idirnáisiúnta ár dtaighde le sonrú i líon na gcomhoibrithe taighde idirnáisiúnta atá againn, agus go bhfuil cúigear de na taighdeoirí is mó a luaitear ar domhan lonnaithe anseo.[2]


Is ollscoil chuimsitheach muid atá dírithe ar thaighde agus tá réimse leathan oibre ar bun, idir theagasc agus taighde, sna heolaíochtaí, sna heolaíochtaí sóisialta agus sna daonnachtaí. Cuirtear an obair sin i gcrích i gceithre Choláiste, 19 Scoil, cúig Institiúid Taighde agus i raon ionad agus braisle taighde. Is againne atá an lorg réigiúnach is mó in Éirinn, agus muid ag síneadh feadh chósta an iarthair.

> **Is ollscoil idirnáisiúnta í Ollscoil na Gaillimhe a bhfuil spriocanna idirnáisiúnta curtha roimpi, ach tá sí fréamhaithe go daingean sa réigiún agus sa tír.**

[1] Ranguithe Ollscoile Domhanda QS agus Times Higher Education.
[2] De réir Clarivate Analytics.







Campais réigiúnacha
Suíomhanna taighde
Acadaimh Leighis
Ionaid Ghaeltachta







# Ár bPobail

Is pobal scoláirí agus mac léinn é Ollscoil na Gaillimhe a bhfuil a thionchar le braistint i gcéin is i gcóngar. Dearbhaímid sa phlean seo na tiomantais atá againn do na pobail éagsúla comhaltaí foirne, mac léinn agus comhpháirtithe atá chomh lárnach dár n-ollscoil. Is mór againn an ról tábhachtach atá á chomhlíonadh acu inár n-éachtaí comhroinnte, ar an gcampas agus lasmuigh de.

Tugaimid tús áite i gcónaí dár bpobal ar an gcampas, a chuimsíonn níos mó ná **19,000 mac léinn** agus níos mó ná **2,700 comhalta foirne** ag suíomhanna chomh fada ó dheas leis an tSionainn, Co. an Chláir, chomh fada siar le Carna, Co. na Gaillimhe agus chomh fada ó thuaidh le Gaoth Dobhair agus Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.

Agus muid ag tabhairt aitheantais don chion atá déanta acu don Ollscoil san am a caitheadh, beimid i mbun teagmhála lenár **alumni** agus le **comhaltaí foirne ar scor**, féachaint lenár dtodhchaí a mhúnlú.

Táimid bródúil as an traidisiún atá againn oibriú as lámha a chéile le **grúpaí agus eagraíochtaí pobail** sa chathair agus sa réigiún, agus féachaimid le bealaí nua a aimsiú chun na comhpháirtíochtaí sin a fhorbairt agus a láidriú i spiorad na hoscailteachta agus an chuimsithe.

Cuirfimid lenár líonra **gnó, tionscail agus fostóirí** chun a chinntiú go rachaidh ár gcéimithe, ár gcúrsaí, ár dtaighde, ár nuálaíocht agus ár n-áiseanna chun tairbhe gheilleagar an réigiúin agus na tíre.

Rachaimid i gcomhar le **heagraíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha**, go háitiúil agus ar fud na tíre, chun ceiliúradh a dhéanamh ar ár gcultúr sainiúil agus chun léiriú cultúir a éascú do chách.

Beidh caidreamh gníomhach againn leis an **rialtas, comhlachtaí stáit, gníomhaireachtaí forbartha, grúpa ospidéal Saolta agus le hinstitiúidí oideachais eile** féachaint leis an gcion a dhéanaimid don fhorbairt réigiúnach agus náisiúnta a uasmhéadú.

Tugaimid faoin domhan le huaillmhian. Bunóimid comhghuaillíochtaí straitéiseacha nua le **comhpháirtithe Eorpacha agus idirnáisiúnta** agus féachfaimid leo sin atá ann cheana a neartú chun go mbeidh an tionchar is mó ag ár dteagasc, ár dtaighde agus ár nuálaíocht.

# An múnla *Meitheal*[3]

Forbraíodh an straitéis seo trí idirphlé leanúnach téagartha lenár bpobail, laistigh agus lasmuigh den Ollscoil. Beidh orainn a bheith i mbun caidreamh leanúnach chun ár spriocanna a bhaint amach d'fhonn a chinntiú go mbeimid in ann an fhís chomhroinnte seo a thabhairt chun críche. Tabharfaimid faoin gcomhpháirtíocht le cur chuige na meithle — ag plé go díreach lenár bpobail ar leith mar mhodh chun muinín agus comhoibriú a mhéadú i gcinnteoireacht san Ollscoil:

Díreoidh ár **meitheal scoláirí** le Comhaltas na Mac Léinn ar rannpháirtíocht na mac léinn agus ar ghlór na mac léinn

Díreoidh ár **meitheal foirne** le comhaltaí foirne, comhaltaí foirne ar scor agus a n-ionadaithe ar rannpháirtíocht foirne

Foinse fuinnimh don Ollscoil a bheidh inár **meitheal alumni** a tharraingeofar ónár 110,000 céimí ar fud an domhain

Éascóidh ár **meitheal pobail** caidrimh agus comhpháirtíochtaí nua lenár bpobail éagsúla lasmuigh den champas, lena n-áirítear fostóirí, grúpaí pobail agus eagraíochtaí cultúrtha

[3] Tagraíonn meitheal don traidisiún a bhíodh i bpobail tuaithe teacht le chéile chun an fómhar a bhaint. Anseo, táimid á úsáid chun tagairt do mheon an chomhoibrithe, na tuisceana agus na cuimsitheachta.



# Ár gcur chuige bunaithe ar Luachanna

Tá ár bplean straitéiseach bunaithe ar bhunluachanna a dhéanann sainmhíniú ar ár gcuspóir agus ar ár dtosaíochtaí. Le linn 2019, rinne ár gcuid mac léinn, comhaltaí foirne agus páirtithe leasmhara seachtracha cíoradh, díospóireacht agus sainiú ar na luachanna sin chun a chinntiú go gcuirfidh siad athrú fiúntach i bhfeidhm ar ár misean ollscoile. Is léiriú intinne don domhan mór iad agus cuirfidh siad treoir ar fáil dúinn anois i ngach a ndéanfaimid.

Glacfaimid chugainn féin cur chuige eiseamláireach i ndáil le bunluachanna **an ómóis**, **an bharr feabhais**, **na hoscailteachta** agus **na hinbhuanaitheachta**. Is é ár mian go dtreiseodh na luachanna seo a chéile, agus go gcuirfidh siad le sainiúlacht ár n-ollscoile.

Leagann na bunluachanna seo caighdeán amach trína ndéanfaimid ár dtosaíochtaí, ár ngníomhartha agus ár n-iompraíochtaí a roghnú, a shainiú agus a thomhas. Is ionann iad agus taithí bheo ár ndaoine, agus iad siúd a bhfuilimid ag maireachtáil leo agus ag foghlaim uathu. Nuair a bhronnfar a gcéimeanna ar ár gcuid mac léinn beidh tréithe sainiúla a bhaineann lenár luachanna bainte amach acu freisin, ar saintréithe iad de shaoránacht mhaith, smaointeoireacht chriticiúil neamhspleách, agus an cumas a gcion a dhéanamh don tsochaí agus don gheilleagar araon. Beidh ceapadh polasaithe agus earcaíocht in Ollscoil na Gaillimhe faoi réir ag na luachanna sin.

Tá cur síos déanta againn inár bplean thíos ar thiomantais ár n-ollscoile dár bpobail éagsúla faoi gach ceann de na luachanna, agus tá aird tarraingthe againn ar na gníomhartha suntasacha a thabharfaidh treoir dár ngníomhaíochtaí as seo go ceann cúig bliana.



# Ár Luachanna



## Ómós

Cultúr ómóis
Comhionannas agus Éagsúlacht
Sláinte & Folláine



## Barr feabhais

Daoine
Teagasc agus Taighde
Tionchar agus Cáil



## Inbhuanaitheacht

Athruithe dearfacha a chur chun feidhme ar an gcampas
Ceannaireacht ar athrú dearfach lasmuigh den Ollscoil



## Oscailteacht

Rochtain agus Cuimsiú
Comhar agus Comhpháirtíochtaí

# An plean a chur chun feidhme

Comhiarracht a bheidh i gceist thar thréimhse cúig bliana chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm agus ár spriocanna a bhaint amach.

Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmithe Straitéisí san Ollscoil plean feidhmiúcháin i dtoll a chéile le páirtithe leasmhara san Ollscoil trí chéile ina mbeidh sonraí faoin gcaoi a dtabharfar gach ceann dár dtiomantais chun críche. Déanfar soiléir na nithe seo a leanas sa phlean feidhmiúcháin seo:

- Spriocanna agus príomhtháscairí feidhmiúcháin
- Amscálaí agus spriocanna tábhachtacha
- Buiséad agus acmhainní
- Príomhpháirtithe leasmhara
- Struchtúir le haghaidh feidhmiúcháin
- Úinéireacht gníomhartha

A luaithe is a bheidh ár bplean feidhmiúcháin críochnaithe, iarrfar ar gach Coláiste, Scoil, Institiúid agus Aonad Taighde a thaispeáint conas a thacóidh siad le baint amach ár dtiomantas agus ár ngníomhartha suntasacha trí phleanáil feidhmiúcháin. Tá an **phleanáil feidhmiúcháin** ag tarlú san Ollscoil le fada, agus déanfaimid ár gcórais a thabhairt chun cinn d'fhonn spriocanna feidhmiúcháin a ailíniú lenár gceithre bhunluach.

Déanfaidh an Ollscoil **infheistíocht straitéiseach** a ailíniú le bunluachanna. Déanfar moltaí d'infheistíocht a mheas i gcomhthéacs a gcumais tionchar a imirt ar an bpróiseas ionas go mbeidh na tréithe a bhaineann le meas, oscailteacht, inbhuanaitheacht agus barr feabhais níos láidre inár n-ollscoil. Tabharfar faoin obair sin i gcomhairliúchán lenár bpobail, agus is é múnla na meithle, líonraí agus rannpháirtíocht sheachtrach a dhéanfaidh éascaíocht uirthi.

Is ar scáth a chéile a bhainfimid amach ár spriocanna. Seolfaimid **clár infheistíochta** chomh maith ina n-iarrfaimid ar ár gcairde, lucht tacaíochta agus daonchairde teacht in éineacht linn ar an aistear seo.

Chun rannpháirtíocht sa straitéis a chothú go leanúnach, beidh ceann de na luachanna luaite le gach bliain ionas go mbeimid in ann aird a tharraingt ar an gcion sainiúil a dhéanann gach luach dár misean. Is é an aidhm atá againn, ar an gcaoi sin, ár bpobail a spreagadh chun bealaí nua a shamhlú chun gach ceann de na luachanna sin a cheiliúradh agus a léiriú thar thréimhse an phlean.



# Ag Tógáil don *Todhchaí*

Beimid i gceannas ar ár gcathair agus ár réigiún a athrú ó bhonn bunaithe ar an bpolasaí náisiúnta arna leagan amach i dTionscadal Éire 2040 go mbeidh forbairt réigiúnach chothrom ann chomh maith le cathracha inbhuanaithe. Agus muid ag tabhairt aitheantais do chathair na Gaillimhe mar chroílár ár réigiúin, beidh mórthionchar sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha ag ár gclár forbartha caipitil do na glúnta atá le teacht.

- Tabharfaimid tús áite do na nithe seo a leanas thar thréimhse an phlean seo:

- Ceantar nuálaíochta nua, lena gcuimseofar campas cois abhann ar Oileán Altanach / Oileán an Iarla, ar forbairt í sin a chuirfidh dlús le hathnuachan uirbeach chathair na Gaillimhe

- Spás eiseamláireach cultúrtha agus taibhléirithe a thabharfaidh aitheantas dár ról mar institiúid cultúrtha náisiúnta agus don chion atá déanta againn do Ghaillimh mar chathair chultúir

- Leabharlann nua a mbeidh Ionad Foghlama inti a spreagfaidh agus a thacóidh le cineálacha nua foghlama agus rannpháirtíochta

- Lóistín breise ar an gcampas dár mic léinn a bheidh idir inacmhainne agus inbhuanaithe

- Clár infrastruchtúir a chuirfidh feabhas ar thaithí ár gcuairteoirí, a aithneoidh an suíomh uathúil atá againn sa mhargadh turasóireachta gnó, comhdhála agus fóillíochta

- Prionsabail an dearaidh uilíoch a chur chun feidhme inár bhforbairt caipitil i ngach ceann dár gcampais, agus clár chun foirgnimh níos sine a aisfheistiú d'fhonn cur le rochtain fhisiciúil do chách

- Aitheantas a thabhairt don tábhacht atá ag an spórt i bhfolláine ár bpobal trí champas spóirt a fhorbairt don todhchaí, agus ionad nua Spóirt Uisce agus páirc imeartha 3G a thógáil

- Cur leis an nGlasbhealach idir Gaillimh agus Conamara, agus naisc níos fearr a fhorbairt do rothaithe agus do choisithe idir ár gcampas agus an chathair

- Portfóilió de thionscadail chaipitil inbhuanaithe a bheidh ag teacht le tosaíochtaí straitéiseacha i gcomhpháirtíocht le Coláistí, Scoileanna, Institiúidí Taighde agus campais sa chás go dtagann réimsí forbartha agus uaillmhéine chun cinn

- Ár saineolas a chur chun feidhme, i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara réigiúnacha agus náisiúnta, chun feabhas a chur ar ár gcathair agus ar ár réigiún mar áit chónaithe agus oibre







# Ómós

# Pobal Ollscoile ina bhfuil Meas ar chách

Braitheann an rath a bheidh orainn ar thimpeallacht chomhroinnte a chruthú áit a bhfuil meas agus ómós againn dá chéile. Creidimid go mbeidh tionchar suntasach ag an gcultúr a chuirimid chun cinn inar féidir iontaoibh agus meas a bheith ar ár gcuid oibre agus idirghníomhaíochtaí ar rath agus inmharthanacht ár ndaoine agus ár bpobal. Beidh na caidrimh a bheidh againn inár bpobail, ár gcathair, ár réigiún agus an domhan faoi réir ag an éiteas seo.

Cuirfimid an comhionannas agus an éagsúlacht chun cinn san Ollscoil go réamhghníomhach, agus tabharfar aitheantas do thaithí aonair gach duine. Cuirfidh ár dtaighde bonn eolais faoi dhearcthaí agus faoi pholasaí maidir le héagsúlacht, le súil feabhas a chur ar an tuiscint agus an fheasacht atá againn maidir le míbhuntáiste agus idirdhealú nuair is ann dó. Beidh tionchar suntasach againn ar ár bpobail agus beimid inár n-eiseamláir lasmuigh den Ollscoil trí thús áite a thabhairt don mheas.

Déanfaimid cultúr tuisceana agus ómóis a leabú inár n-ollscoil, lena n-áirítear sa taithí a fhaigheann mic léinn. Díreoimid ar thacaíocht a chur ar fáil do mhic léinn ina gcúrsaí léinn, ina ndul chun cinn agus ina bhfolláine mar chuid de phobal ina dtabharfar ugach dóibh barr a maitheasa a bhaint amach ar bhealach iomlánaíoch agus inspioráideach. Agus muid ag cur leis an rath a bhí ar thionscadail phíolótacha inár seirbhísí tacaíochta mac léinn, déanfaimid príomhshruthú ar chláir do shláinte agus folláine mheabhrach, fhisiciúil agus shóisialta.

Is iad ár bpobal an acmhainn is treise dá bhfuil againn. Beidh cúrsaí fostaíochta in Ollscoil na Gaillimhe cóir, cothrom agus cuimsitheach. Tá an Ollscoil tiomanta ina sprioc caighdeáin arda fostaíochta agus cothroime ag an obair a choinneáil agus a chur chun cinn. Is é aidhm an pholasaí seo barr feabhais a chur ar fhostaíocht dhíreach shlán ar théarmaí ardchaighdeáin, i gcomhréir le polasaí poiblí, i dteannta le rochtain thrédhearcach agus chothromasach i leith forbairt gairme, dul chun cinn agus ardú céime. Tá an Ollscoil tiomanta chomh maith do chleachtais oibre a thacaíonn le teaghlaigh ar bhealach atá tuisceanach agus a dhéanann freastal ar chothromaíocht shláintiúil oibre is saoil. Is féidir le gach duine a oibríonn ar champais Ollscoil na Gaillimhe a bheith ag súil go gcuirfí ar a gcumas oibriú i dtimpeallacht dhearfach agus shábháilte, ina bhfuil tuiscint ar riachtanais fhisiciúla, intleachtúla agus folláine na bhfostaithe. Caitear le fostaithe leis na caighdeáin is airde dínite agus measa.

Beidh meas ag ár bpobail orainn mar chomharsa mhaith agus mar chomhpháirtí réamhghníomhach ag obair ar leas na sochaí mar thoradh ar an meas a léiríonn an Ollscoil orthu. Agus tuiscint againn ar an ról uathúil agus údarásach atá ag an Ollscoil seo i sochaí agus i ngeilleagar ár réigiúin, oibreoimid le gnólachtaí, le heagraíochtaí agus le líonraí fud fad iarthar na hÉireann chun a chinntiú go bhfuil an Ollscoil ag déanamh freastal cuí ar an réigiún.

**Léireoidh ár ngníomhartha ár dtiomantas caitheamh lenár bpobail éagsúla le meas.**







# Príomhghníomhartha do 2025

## Cultúr ómóis

- Cuirfimid romhainn cultúr ómóis a chur chun cinn go láidir trí Chairt Ómóis a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Glacfar ceannasaíocht ar an gCairt sin ag gach leibhéal den institiúid.
- Déanfaimid clár scileanna a dhearadh agus a fhorfheidhmiú a chabhróidh le comhbhá agus tuiscint a chothú inár bpobal campais
- I gcomhar lenár bpobail, forbróimid agus cuirfimid i bhfeidhm clár freagrachta sóisialta struchtúrtha don ollscoil trí chéile féachaint le tionchar dearfach agus iontomhaiste a imirt ar an tsochaí
- Cuirfimid smaointe chun cinn trínár ngníomhaíochtaí teagaisc agus taighde a léiríonn meas ar dhínit gach duine

## Comhionannas agus Éagsúlacht

- Comhlíonfaimid an 'Dualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine' i ngach ceann d'fheidhmeanna agus caidrimh na hOllscoile
- Féachfaimid lenár nGradam Cré-Umha Athena SWAN a choinneáil agus cuirfimid romhainn creidiúnú ag leibhéal an Airgid a bhaint amach don institiúid chun an éagsúlacht agus an comhionannas a chur chun cinn tuilleadh san Ollscoil
- Cuirfimid plean i dtoll a chéile chun an bhearna phá idir na hinscní a laghdú go mór, agus cuirfimid an plean sin i bhfeidhm
- Cuirfimid le héagsúlacht na struchtúr ceannaireachta agus ollscoile chun ionadaíocht a dhéanamh ar phobal Ollscoil na Gaillimhe atá ag éirí níos éagsúla

## Sláinte & Folláine

- Cruthóimid Ionad Tacaíochta na Mac Léinn Uile ina mbaileofar seirbhísí tacaíochta do mhic léinn in aon mhol amháin agus ina ndéanfar éascaíocht do thuras ár mac léinn agus iad i mbun foghlama agus forbartha
- Déanfaimid sláinte fhisiciúil, shóisialta agus mheabhrach a fheabhsú inár bpobail mar chomhpháirtí leis an togra Éire Shláintiúil agus tríd an gCreat um Champas Sláintiúil a chur i bhfeidhm
- Forbróimid agus cuirfimid straitéis iomlánaíoch i bhfeidhm do shláinte agus leas na foirne, ag tógáil ar a bhfuil bainte amach sa tionscnamh maidir le Timpeallacht Dhearfach Oibre, agus bainfimid creidiúnú amach tríd an Marc KeepWell



# Oscailteacht

# Ollscoil na Gaillimhe atá Oscailte

Is comhoibrí réamhghníomhach ár n-ollscoil, agus comhghleacaí ar son an leasa go háitiúil agus go domhanda. Tá an oscailteacht, an éagsúlacht agus an cuimsiú lárnach dár gcur chuige don nuálaíocht, don rannpháirtíocht agus don chruthaitheacht. Beimid i mbun caidreamh gníomhach le páirtithe leasmhara seachtracha, alumni agus leis an bpobal chun an tionchar atá againn a uasmhéadú.

Ní raibh oideachas ollscoile chomh luachmhar riamh is atá sé i ngeilleagar agus i sochaí eolasbhunaithe an lae inniu. Tá an t-oideachas á chur chun cinn againn mar mhodh chun athruithe dearfacha a chur i bhfeidhm agus chun deiseanna foghlama feadh an tsaoil a chur ar fáil do chách. Táimid tiomanta do chuimsiú sóisialta, agus féachfaimid le timpeallacht fháilteach a chur ar fáil ina mbraitheann gach duine muintearas agus inar féidir leo dul chun cinn a dhéanamh.

Cuirfimid chun cinn go gníomhach cultúr cuimsitheach a fhéachann le rochtain ar an oideachas a fheabhsú, comhoibriú a éascú, agus a thacóidh lenár bpobal, beag beann ar an gcúlra atá acu. Déanfaimid infheistiú i dtimpeallacht fhisiciúil a chinnteoidh go bhfuil ár n-ollscoil oscailte agus inrochtana do chách.

Cuirfimid romhainn tionchar dearfach a imirt ar an tsochaí trí dhul i gcomhar le hollscoileanna, le heagraíochtaí agus le pobail eile, go háitiúil agus go hidirnáisiúnta, chun go n-éascófar cruthú agus roinnt eolais, saineolais agus teicneolaíochtaí. Déanfar an bhéim atá againn ar idirnáisiúnú agus ár dtiomantas dár gcaidrimh idirnáisiúnta a cheapadh i gcomhthéacs Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG) na Náisiún Aontaithe, agus béim ar leith ar SDG 17: Comhpháirtíocht do na Spriocanna. Agus aitheantas á thabhairt againn don ról uathúil atá againn chun na scileanna agus an scoláireacht a chothú a chuireann dlús le fás eacnamaíoch inár réigiún agus go náisiúnta, feabhsóimid ár gcóras tacaíochta don fhiontraíocht i gcomhpháirt leis an earnáil thionsclaíoch, le fostóirí agus le páirtithe leasmhara eile.

Aithnímid luach sainiúil agus dearfach na Gaeilge mar ghné dár gcultúr agus dár bhféiniúlacht. Tá bród agus áthas orainn as an ról uathúil atá againn ceannasaíocht a thabhairt don ardoideachas agus don taighde i nGaeilge, agus aithnímid a thábhachtaí agus atá sé go mbeidh pobail labhartha na Gaeilge sa Ghaeltacht agus níos faide i gcéin. Oibreoimid as lámha a chéile lenár bpobail chun cur lenár gcampas dátheangach agus chun an dúil atá againn sa Ghaeilge a roinnt leis an domhan mór.

**Léireoidh ár ngníomhartha an tiomantas atá againn don inrochtaineacht, don chuimsiú agus don rannpháirtíocht oscailte leis an domhan.**









# Príomhghníomhartha do 2025

## Rochtain agus Cuimsiú

- Cuirfimid clár forbartha caipitil i bhfeidhm a bheidh mac léinn-lárnaithe, dírithe ar an bpobal agus a bheidh comhfhiosach ar mhíchumas, chun rochtain ar agus rannpháirtíocht lenár gcampas agus lenár n-áiseanna a fheabhsú
- Glacfaimid le Prionsabail an Dearaidh Uilíoch inár dtimpeallacht foghlama agus oibre chun inrochtaineacht a mhéadú, freastal a dhéanamh ar stíleanna foghlama éagsúla agus chun cabhrú le mic léinn barr a gcumais a bhaint amach
- Agus muid ag tógáil ar ár n-ainmniúchán mar Ollscoil Tearmainn, forbróimid réimse tacaíochtaí do gach pobal ar mian leo rochtain a fháil ar an ardoideachas
- Glacfaimid cur chuige eiseamláireach chugainn féin maidir le Pobal Oscailte Léinn ina ndéantar próiseas, ábhar agus torthaí taighde a bhainistiú go heiticiúil agus a chur ar fáil go hoscailte, agus cuirfimid chun cinn úsáid agus táirgeadh Acmhainní Oideachais Oscailte
- Spreagfaimid agus cuirfimid fáilte roimh mheascán leathan idirnáisiúnta de chomhaltaí foirne agus mic léinn inár gcláir thaighde agus mhúinte ag an leibhéal fochéime agus iarchéime

## Comhar agus Comhpháirtíochtaí

- Déanfaimid straitéis shoiléir a fhorbairt agus a chur chun feidhme don idirnáisiúnú agus don chomhar idirnáisiúnta a chabhróidh le tionchar agus le clúdach na hOllscoile a uasmhéadú ar bhonn domhanda i gcomhthéacs chlár an Rialtais, Éire Dhomhanda
- Déanfaimid clár struchtúrtha rannpháirtíochta do pháirtithe leasmhara seachtracha straitéiseacha a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear alumni, an earnáil thionsclaíoch, an pobal agus an rialtas, chun go mbainfimid leas as comhairle, saineolas, tacaíocht agus rannpháirtíocht
- Féachaimid lenár gcaidreamh le hinstitiúidí agus le líonraí an Aontais Eorpaigh a leathnú d'fhonn tionchar na hOllscoile a uasmhéadú
- Déanfaimid straitéis uaillmhianach don todhchaí i leith na Gaeilge a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara náisiúnta agus le pobail Ghaeltachta, bunaithe ar luachanna an ómóis agus na hinbhuanaitheachta
- Déanfaimid sainiúlacht ár réigiúin a neadú inár gcuraclam trí dheiseanna a chur ar fáil dár mic léinn tabhairt faoi fhoghlaim obairbhunaithe, obair allamuigh, foghlaim phobal-bhunaithe agus foghlaim seirbhíse
- Cruthóimid tuilleadh deiseanna dár mic léinn agus dár gcomhaltaí foirne taithí éagsúil idirnáisiúnta a fháil trí chláir staidéir thar lear, socrúcháin oibre, meantóireacht agus comhoibrithe teagaisc agus taighde
- Cuirfimid comhpháirtíochtaí ar bun le gníomhaireachtaí forbartha agus le páirtithe leasmhara d'fhonn tacú le fás agus le scálú gnóthaí dúchasacha agus idirnáisiúnta
- Déanfaimid taighde feidhmeach a neadú san Ollscoil trí chéile trí chuireadh a thabhairt don phobal gabháil le próiseas ár ngníomhaíochtaí taighde, agus trí chomhoibriú leo



# Inbhuanaitheacht

# Ollscoil na Gaillimhe atá Inbhuanaithe

Tá todhchaí an chine dhaonna faoi bhagairt ag idirghníomhaíochtaí neamh-inbhuanaithe idir ár bpobail, ár ngeilleagair agus an comhshaol. Glacfaimid chugainn féin ról ceannasaíochta chun an t-aistriú chuig todhchaí inbhuanaithe a threorú trínar dteagasc, ár dtaighde, ár ngníomhartha agus ár dtionchair. Déanfaimid ár gcampais agus ár ngnóthaí seachtracha uile a bhainistiú go hinbhuanaithe, agus féachaimid le bheith inár n-eiseamláir as tionchar dearfach a bheith againn ar an gcomhshaol. Déanfaimid ár n-ollscoil a ullmhú don todhchaí trína chinntiú go mbeidh gach ceann dár n-oibríochtaí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus sa chomhthéacs sóisialta agus airgeadais.

Agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe á n-úsáid againn mar chreat, déanfaimid an chéad ghlúin eile mac léinn, taighdeoirí agus nuálaithe a fhorbairt trínár ngníomhaíochtaí teagaisc agus taighde chun dul i ngleic le dúshláin forbartha inbhuanaithe na sochaí.

Agus muid ag obair as lámha a chéile le comhpháirtithe áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta, Eorpacha agus domhanda, forbróimid réitigh a éascóidh todhchaí níos inbhuanaithe. Beidh cáil dhomhanda orainn as feabhas ár ngníomhaíochtaí teagaisc agus taighde a chothaíonn ár gcéimithe mar cheannairí inbhuanaitheachta na todhchaí, in Éirinn agus thar lear.

Agus muid ag tógáil ar obair Chomhpháirtíocht Inbhuanaitheachta an Phobail agus na hOllscoile agus ar a chur chuige ceannasaíocht a thabhairt maidir leis an inbhuanaitheacht san ollscoil trí chéile, a bheith ag síorfhoghlaim fúithi agus a bheith á cur i bhfeidhm, déanfaimid an inbhuanaitheacht a neadú inár gcultúr, ár bpolasaithe oibriúcháin agus ár struchtúir rialachais, agus féachfaimid lenár bpobail a chumhachtú chun bheith ina n-eiseamláir inbhuanaitheachta.

**Léireoidh ár ngníomhartha ár dtiomantas chun an t-aistriú chuig todhchaí inbhuanaithe a threorú.**







## Ceannaireacht ar athrú dearfach lasmuigh den Ollscoil

- Díreoimid ár saineolas agus ár n-infreastruchtúr taighde ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus beidh spriocanna intomhaiste againn d'ioncam, torthaí agus tionchair thaighde
- Féachfaimid lenar féidir linn a bhaint amach maidir le hinbhuanaitheacht a scaipeadh lasmuigh den champas trí chomhpháirtíochtaí inbhuanaitheachta a bhunú leis na pobail atá mórthimpeall orainn, le comhlachtaí náisiúnta agus le comhpháirtithe Eorpacha agus idirnáisiúnta
- Sáróimid na spriocanna atá leagtha amach i gclár Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí agus glacfaimid ról ceannaireachta san earnáil trí thaispeántas tionscadail, rannpháirtíocht leis an bpobal agus trí chomhoibriú le húsáideoirí fuinnimh ar ár gcampais trí chéile

# Príomhghníomhartha do Thodhchaí Inbhuanaithe

Déanfaimid ár gcomhiarrachtaí a dhíriú ar a phráinne is atá an inbhuanaitheacht agus gníomhartha ar son na haeráide.

## Athruithe dearfacha a chur chun feidhme ar an gcampas

- Síneoimid Comhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG), cuirfimid romhainn iad a chur i bhfeidhm agus díreoimid ar stádas mar Sheaimpín SDG a bhaint amach

- Oibrímid le chéile chun plean oibre uaillmhianach a fhorbairt a mbeidh sé mar aidhm aige neodracht charbóin a bhaint amach faoin mbliain 2030

- Beidh an inbhuanaitheacht chun cinn inár bhfoghlaim, inár dtaighde agus in eispéireas na mac léinn ionas gur féidir leis an bpobal campais an t-eolas agus na scileanna atá de dhíth a ghnóthú chun bheith ina n-eiseamláirí agus ina gceannairí inbhuanaitheachta

- Déanfaimid ár gcomhshaol a bhainistiú ar bhealaí atá íogaireach dár n-éiceachórais agus a thagann lenár mianta a bheith inár n-eiseamláir i ndáil le taighde agus teagasc faoin mbithéagsúlacht

- Glacfaimid le teicneolaíochtaí iontaofa nua chun cur le héifeachtúlacht fuinnimh ár bhfoirgneamh agus lenár Rátáil Fuinnimh Foirgnimh trí inbhuanaitheacht a chomhtháthú i bpleanáil agus i bhforbairt uile na Rannóige Foirgneamh agus Eastát faoi choimirce an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide

- Socróimid spriocanna uaillmhianacha dúinn féin sna réimsí seo a leanas:
  - fuinneamh inbhuanaithe agus maolú carbóin
  - cosaint na bithéagsúlachta
  - an inbhuanaitheacht a bheith neadaithe sa churaclam
  - cláir iarchéime atá dírithe ar an inbhuanaitheacht
  - torthaí taighde i réimse na hinbhuanaitheachta
  - teastasú na Saotharlainne Glaise
  - dearadh agus inbhuanaitheacht foirgneamh
  - bainistíocht dramhaíola
  - soláthar
  - taisteal agus tomhaltáin
  - úsáid plaistice
  - cleachtais oibre agus staidéir atá cuidithe ag an teicneolaíocht

- Bainfimid cothromaíocht amach idir an fhiontraíocht agus an chríonnacht agus muid i mbun pleanála chun an chobhsaíocht airgeadais a bheidh de dhíth orainn a chinntiú chun ár spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach

SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE





# Barr feabhais

# Ollscoil na Gaillimhe atá Saineolach

Tá Ollscoil na Gaillimhe dírithe ar thaighde lena mbaineann fócas domhanda, agus tá cáil idirnáisiúnta orainn as caighdeán agus tionchar an teagaisc, an taighde agus na nuálaíochta. Tacóimid le huaillmhian agus féachfaimid le barr feabhais ár ndaoine a éascú, ar ceannairí, nuálaithe agus smaointeoirí criticiúla iad a bhfuil an-dúil acu an domhan mór a thuiscint, a oiliúint agus a fheabhsú. Déanaimid ár ndícheall barr feabhais a bhaint amach agus tionchar a imirt, agus ionracas agus gairmiúlacht mar bhonn taca le gach rud a dhéanaimid. I ndiaidh dóibh leas a bhaint as teagasc, taighde agus seirbhísí den chéad scoth anseo san Ollscoil, beidh ár gcuid mac léinn ullmhaithe leis an eolas agus na scileanna a theastaíonn uathu le feidhmiú mar ghníomhaithe an athraithe sa todhchaí a rachaidh chun leas ár sochaí, ár gcultúr agus ár ngeilleagar.

Aithnímid go mbeidh ról lárnach ag an suíomh sainiúil ina bhfuilimid lonnaithe laistigh de mhol domhanda teicneolaíochta, nuálaíochta agus cruthaitheachta sa mhéid a éireoidh linn a bhaint amach sa todhchaí.

Féachfaimid le heispéireas teagaisc agus foghlama den scoth a chur ar fáil a bheidh dírithe ar an mac léinn agus treoraithe ag taighde. Déanfar tuilleadh infheistíochta chun seirbhísí tacaíochta a sholáthar a chabhróidh le smaointeoireacht chriticiúil, ceannaireacht, gairmiúlacht agus infhostaitheacht a fhorbairt. Tabharfar aitheantas dúinn as ár gcultúr feabhais i dteagasc, taighde agus nuálaíocht, agus mar cheann scríbe ina gcothaítear daoine uaillmhianacha, agus ina mealltar agus ina gcoinnítear iad.

Cuirfimid cláir forbartha ar fáil, lena n-áirítear meantóireacht, cóitseáil agus oiliúint, agus cuirfimid lenár dtimpeallacht fhisiciúil agus fhíorúil d'fhonn ár bhfoireann, mic léinn agus comhpháirtithe a chumasú chun a lánacmhainneacht a bhaint amach.

Ní leor dearcadh amháin agus muid ag iarraidh fadhbanna an domhain a réiteach. Dearbhaímid mar sin a thábhachtaí is atá an idirdhisciplíneacht chun tionchar a imirt. Is beag rath a bheadh orainn gan téagar agus idirdhisciplíneacht ár saineolais, idir bhuneolas agus eolas feidhmeach, sna heolaíochtaí, sna heolaíochtaí sóisialta agus sna daonnachtaí. Cuireann sé ar ár gcumas an t-athrú cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíoch a bhrú chun cinn, agus a bheith réidh aghaidh a thabhairt ar réimsí taighde úrnua. Bainfidh ár gcuid mac léinn leas as curaclaim nuafhorbartha atá bunaithe ar thaighde agus a tharraingíonn ar láidreachtaí idirdhisciplíneacha ár n-ollscoile.

**Léireofar inár ngníomhartha ár dtiomantas tacú le barr feabhais i misean na hOllscoile.**

Cuirfimid barr feabhais ar ár dteagasc, taighde agus nuálaíocht trí úsáid a bhaint as Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe mar threoirphlean chun todhchaí níos fearr agus níos inbhuanaithe a bhaint amach. Agus muid i mbun caidrimh lenár gcomhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus ar fud an domhain, tabharfaimid cuireadh dóibh siúd a bhfuil suim acu i dtaighde a thacaíonn leis na réimsí seo a leanas:

## Polasaí agus sochaí a fheabhsú

- sochaithe uilechuimsitheacha
- leanaí, teaghlaigh agus cearta an duine
- polasaí agus eacnamaíocht sláinte
- forbairt eacnamaíochta inbhuanaithe
- fiontraíocht agus nuálaíocht ghnó

## Cruthaitheacht agus cultúr a shaibhriú

- daonnachtaí digiteacha
- taighde stairiúil agus liteartha
- na healaíona cruthaitheacha
- teanga, cultúr agus féiniúlacht
- an Ghaeilge
- tíreolaíocht, láthair agus polaitíocht

## Sláinte agus folláine a fheabhsú

- teicneolaíochtaí leighis
- leigheas athghiniúnach
- sláinte an daonra agus seirbhísí sláinte
- néareolaíocht
- taighde ar ailse

## Barr cumais a bhaint amach le cabhair sonraí agus teicneolaíochtaí cumasúcháin

- eolaíocht sonraí agus córais faisnéise gnó
- intleacht shaorga
- ardáin agus seirbhísí ríomhaireachta forbartha
- léasair agus optaic

## Ár bpláinéad agus ár ndaoine a chothú

- gníomh aeráide
- fuinneamh glan
- éiceachórais aigéin, fionnuisce agus talún
- bithgheilleagar inbhuanaithe
- Aon Sláinte Amháin

Tabharfaimid spreagadh chomh maith dár dtaighdeoirí a bhfuil dúil acu dul chun cinn a dhéanamh i réimsí taighde idir sheanbhunaithe agus nua. Aithnímid nach bhfuil aon cheann de na réimsí taighde atá liostaithe thuas neamhspleách ná statach. Is é a leithne is atá ár dtaighde, chomh maith lena idirdhisciplíneacht a chuireann an nuálaíocht chun cinn, agus a chuireann le misean ár n-ollscoile fónamh a dhéanamh don phobal.

# Príomhghníomhartha do 2025

## Daoine

- Cuirfimid Straitéis do Dhaoine i dtoll a chéile agus i bhfeidhm a chuirfidh ar chumas comhghleacaithe a lánacmhainneacht a bhaint amach agus a thacóidh le hOllscoil na Gaillimhe a huaillmhianta a bhaint amach, lena n-áirítear clár struchtúrtha d'oiliúint, forbairt agus meantóireacht foirne

- Tacóimid agus cuirfimid le haistriú agus forchéimniú mac léinn trí Straitéis Rathúlachta Mac Léinn a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus trí infheistiú i bpróisis agus i gcórais nua, tríd an gclár dar teideal Conairí Digiteacha na Mac Léinn, a fhreastalaíonn ar riachtanais na mac léinn agus a ullmhaíonn ár n-ollscoil don todhchaí

## Tionchar agus Cáil

- Oibreoimid go gníomhach chun cáil na Gaillimhe a chothú go hidirnáisiúnta mar ionad barr feabhais i dteicneolaíocht an leighis, eolaíocht sonraí, cultúr agus cruthaitheacht, aeráid agus aigéin, beartas poiblí, agus nuálaíocht i Straitéis Fostaíochta don Todhchaí de chuid Rialtas na hÉireann

- Cuirfimid comhpháirtíochtaí straitéiseacha nua ar bun le hionaid taighde barr feabhais clúiteacha náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta a mbeidh fócas faoi leith acu ar chomhpháirtíochtaí taighde agus ar mhalartú foirne/mac léinn

- Forbróimid clár ábhar tarraingteach chun torthaí agus tionchar ár dtaighde agus nuálaíocht a chur ar taispeáint ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta











## Teagasc agus Taighde

- Déanfaimid tacaíochtaí acadúla piaraí, tacaíochtaí scileanna acadúla agus nuálaíochtaí curaclaim a phríomhshruthú, agus tuiscint againn ar an ríthábhacht a bhaineann le barr feabhais i dteagasc agus i bhfoghlaim do mhisean ár n-ollscoile
- Déanfaimid infheistiú i gcláir forbartha agus déanfar iad a leathnú amach dóibh siúd ar fad a bhíonn ag teagasc nó a thacaíonn le barr feabhais i bhfoghlaim mac léinn ar fud na hOllscoile
- Tuigimid agus aithneoimid inár bpolasaithe agus inár gcleachtais an tiomantas don teagasc, don nuálaíocht churaclaim, don léann, don chomhchleachtas agus do bhainistíocht chláir
- Bainfimid úsáid as an straitéis agus na luachanna seo mar fhócas chun ár n-institiúidí taighde a athnuachan féachaint le cinntiú go mbeidh tionchar leanúnach againn agus go dtacóimid le caighdeáin arda
- Tabharfaimid faoi infheistíocht chun córas taighde inbhuanaithe a bhaint amach a thacaíonn lenár n-institiúidí agus ionaid taighde, áiseanna lárnacha taighde agus córais tacaíochta taighde, agus fócas ar leith againn ar infheistíocht a thacóidh le tallann agus le gradaim
- Féachfaimid le díriú ar chlár oibre taighde an Aontais Eorpaigh d'fhonn deiseanna maoinithe a uasmhéadú, ag teacht lenár misean chun freastal ar an tsochaí
- Bunóimid scoileanna iarchéime i réimsí sainiúla tosaíochta taighde agus déanfaimid ár bhforbairt clár iarchéime a ailíniú lena bhfuil ar siúl ag ár n-institiúidí taighde idirdhisciplíneacha
- Déanfaimid ár Leabharlann a athfhorbairt don aonú haois is fiche trí Ionad Foghlama a bhunú a thacaíonn agus a spreagann cineálacha nua rannpháirtíochta i bhfoghlaim inár bpobail trí chéile







Léigh an straitéis ar líne, agus breathnaigh
ar eolas breise agus físeáin ar:
universityofgalway.ie/strategy2025

t +353 91 524 411
e info@universityofgalway.ie
w universityofgalway.ie

Buíochas leis an Ollamh Chaosheng Zhang (Tíreolaíocht)
as a ghrianghraif den champas agus cathair a roinnt linn.